Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9481/23**

**SOC 323**
**EMPL 209**
**ECOFIN 443**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach<br>- Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta, bunaithe ar an tuarascáil ón Meitheal chomhpháirteach EMCO-SPC.

Glacadh na Príomhtheachtaireachtaí i gcomhréir le rialacha nós imeachta na gCoistí ullmhúcháin ag an gcruinniú comhpháirteach a bhí acu an 12 Bealtaine 2023, mar ullmhúchán don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (EPSCO) an 12 Meitheamh 2023

Féadfar an tuarascáil iomlán a fháil in 9481/23 ADD 1.

**An Coiste Fostaíochta**

**An Coiste um Chosaint Shóisialta**

# Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach

*Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta*

## Réamhrá

1. **Is cuspóir bunúsach de chuid an Aontais é an cóineasú sóisialta aníos atá leabaithe i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar a d'athdhearbhaigh ceannairí an Aontais i nDearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021.** Faoi mar a bunaíodh le Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2019-2024, ba cheart cur chun feidhme an Cholúin a bheith ina phríomhthosaíocht ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag an Seimeastar Eorpach — mar chreat an Aontais chun beartais eacnamaíocha, fhioscacha, fostaíochta agus shóisialta a chomhordú agus faireachas a dhéanamh orthu, i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh — chun tacú le cur chun feidhme an Cholúin sna Ballstáit.

2. **Rinne an Coiste Fostaíochta (EMOC) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) machnamh ar conas gné shóisialta an tSeimeastair Eorpaigh a neartú, i gcomhréir leis na sainorduithe a fuarthas ó Uachtaránacht na Fraince, Uachtaránacht na Seice agus Uachtaránacht na Sualainne** agus tar éis thionscnamh na Beilge agus na Spáinne maidir leis an 'Nós Imeachta i ndáil le Míchothromaíocht Shóisialta' (SIP) a thabhairt isteach, a cuireadh i láthair ag cruinniú Chomhairle EPSCO i mí Dheireadh Fómhair 2021. I dTuairim ó EMCO-SPC an 16 Bealtaine 2022[1] leagadh béim ar an ngá atá le tuilleadh oibre coincheapúla agus anailíse ar phríomhghnéithe an tionscnaimh, ag tabhairt dá haire nach raibh na Ballstáit ar aon intinn faoi luach breise a bheith ag roinnt leis. Agus le tacaíocht ón tuarascáil iomlán atá san Iarscríbhinn, is é is aidhm do na Príomhtheachtaireachtaí sin an Chomhairle a chur ar an eolas maidir leis an scrúdúcháin níos doimhne a rinneadh idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus mí na Bealtaine 2023 chun féachaint ar bhealaí chun gné shóisialta an tSeimeastair a threisiú, agus na tuairimí a cuireadh in iúl sa Tuairim roimhe seo á gcur san áireamh.

3. **I mí Mheán Fómhair 2022, chomhaontaigh EMCO agus SPC Meitheal chomhpháirteach thiomnaithe a bhunú a bhfuil sé de chúram uirthi scrúdú breise a dhéanamh ar na saincheisteanna dá dtagraíodh ina dTuairim ag Comhairle EPSCO mhí an Mheithimh 2022.** Idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus mí an Mhárta 2023, rinne an Mheitheal, ar a raibh ionadaithe ó 21 Bhallstát[2] agus ón gCoimisiún, tuilleadh plé modheolaíochta agus rinne treoirthionscadail féachaint leis an gcreat nua a struchtúrú agus a fheidhmiú. Tacaíodh leis an bplé píolótach le sraith páipéar seasaimh maidir leis an struchtúr ginearálta agus sraith de dhoiciméid thriallacha a d'ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin[3], chomh maith le roinnt nótaí ón Rúnaíocht d'fhonn samplaí samhailteacha ach réadúla a phlé chun tuairimí na mBallstát a bhí rannpháirteach a chinneadh.

---

[1] 9222/22

[2] Bhí rannpháirtíocht sa Mheitheal deonach. Rinne na Ballstáit seo a leanas iarratas ar bheith ina gcomhaltaí den ghrúpa: BE, CZ, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LU, LT, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SK.

[3] Chun tacú leis an treoirthionscadal, d'ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin doiciméid thiomnaithe a bheadh mar shamplaí den chaoi a bhféadfaí an Creat um Chóineasú Sóisialta a chur chun feidhme ag gach céim. B'éard a bhí sna doiciméid a ullmhaíodh ná sampla de roinn nua den *Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht*, sampla de *Thuarascáil um Chóineasú Sóisialta*, bréagthéacs dlíthiúil i ndáil le *Moladh Tírshonrach* le clibeáil chuig an gcreat nua sna haithrisí, chomh maith le bréag-*Chonclúidí ón gComhairle maidir le cóineasú sóisialta san Aontas*.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an Tuarascáil a d'ullmhaigh an Mheitheal agus tar éis an phlé a rinne a bhfoghrúpaí Táscairí, déanann EMCO agus SPC na conclúidí seo a leanas a fhormhuiniú cé go n-aithníonn siad go bhfuil leibhéil éagsúla tacaíochtaí acu i measc na mBallstát:

**Sainmhíniú agus raon feidhme an Chreata fhéideartha um Chóineasú Sóisialta**

4. **Trí 'Creat um Chóineasú Sóisialta' a thabhairt isteach, féadfar, go háirithe, an deis a chur ar fáil chun anailís níos struchtúraithe agus níos doimhne a dhéanamh ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais laistigh de thimthriall bliantúil an tSeimeastair**, go háirithe trí chur leis an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm maidir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Chuirfeadh creat den sórt sin breisluach ar fáil trí anailís á dhéanamh ar rioscaí agus ar dhúshláin fhoriomlána an chóineasaithe shóisialta aníos san Aontas agus trína n-infheictheacht a fheabhsú. Níor cheart ualach riaracháin breise a bheith mar thoradh air agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair le nuachóiriú breise a dhéanamh ar uirlisí faireacháin na gCoistí.

**Comhthathú féideartha sa Seimeastar Eorpach**

5. **I gcomhréir leis an gcuspóir thuasluaite, agus gan dochar d'aon chomhaontú polaitiúil maidir lena thabhairt isteach, i gCreat um Chóineasú Sóisialta, dhéanfadh an Coimisiún anailís dhá chéim.** Ar an gcéad dul síos, ina thogra bliantúil le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, mheasfadh an Coimisiún an bhfuil *rioscaí* foriomlána ann don chóineasú sóisialta aníos do na Ballstáit uile bunaithe ar léirmhíniú na dtorthaí ó tháscairí ceannlíne an Scórchláir Shóisialta agus shainaithneodh sé na Ballstáit a dteastaíonn tuilleadh scrúdaithe ina leith. Ansin, d'fhoilseodh seirbhísí an Choimisiúin 'Tuarascálacha maidir le Cóineasú Sóisialta' do na Ballstáit sin ar sainaithníodh go bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar rioscaí i ndáil leis an gcóineasú sóisialta aníos. Bheadh scrúdú tírshonrach níos doimhne iontu a bheadh dírithe ar a chinneadh an bhfuil *dúshláin* iarbhír ann don chóineasú sóisialta aníos san Aontas.

6. **San anailís chéad chéime sa togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, ba cheart an mhodheolaíocht atá ann cheana agus a chuirtear i bhfeidhm ar an Scórchlár Sóisialta a chomhlánú le critéir**[4] **lena dtreorófaí sainaithint na *rioscaí* foriomlána** don chóineasú sóisialta aníos do na Ballstáit aonair a mbeadh anailís níos doimhne ag teastáil ina leith. Dhéanfadh na critéir sin na torthaí ó tháscairí ceannlíne aonair an Scórchláir a chomhiomlánú agus thacódh siad le meastóireacht tosaigh ar rioscaí foriomlána féideartha maidir leis an gcóineasú sóisialta aníos do gach Ballstát. Cé gur féidir tuiscint níos leithne ar shainaithint bhliantúil na mBallstát a áirithiú trí chritéir shimplí a úsáid, thug roinnt toscairí dá n-aire go mbeadh peirspictíocht ama níos faide ag teastáil chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí maidir leis an gcóineasú sóisialta aníos, agus ba cheart, dá bhrí sin, é a mheas mar ghné de na critéir a roghnaíodh.

7. **An dara céim den anailís i dTuarascálacha um Chóineasú Sóisialta sheirbhísí an Choimisiúin, bheadh sí bunaithe ar fhianaise leathan chainníochtúil agus cháilíochtúil agus dhéanfaí breithniú iomchuí ar an ngníomhaíocht bheartais a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta maidir leis an gcóineasú sóisialta aníos.** Go háirithe, de bhreis ar thorthaí an Scórchláir Shóisialta, d'úsáidfeadh an Coimisiún raon iomlán na n-uirlisí faireacháin agus na gcreataí anailíseacha a comhaontaíodh sa Seimeastar, a bheadh le comhlánú le faisnéis cháilíochtúil agus le foinsí náisiúnta i gcás inarb iomchuí. D'áireofaí leis sin, *inter alia*, anailísí ar dhearbhthreochtaí táscairí sa mheántéarma, dul chun cinn maidir le spriocanna náisiúnta 2030 i ndáil le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, chomh maith le sonraí ó tháscairí ábhartha eile de chuid an Aontais (lena n-áirítear táscairí tánaisteacha an Scórchláir Shóisialta a mhol an Coimisiún Eorpach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta). I gcomhréir le hanailísí tírshonracha eile a dhéantar laistigh de chreat foriomlán an tSeimeastair, tá sé tábhachtach comhairliúcháin dhéthaobhacha a áirithiú leis na Ballstáit faoina dTuarascálacha maidir leis an gCóineasú Sóisialta sula bhfoilsítear iad, agus a áirithiú freisin go bhfuil siad comhlántach leis na Tuarascálacha Tíre atá le foilsiú níos déanaí i dtimthriall an tSeimeastair.

---

[4] Bunaithe ar ionsamhlúcháin chuimsitheacha a pléadh sa Mheitheal, is iondúil go dtacódh na toscairí le Ballstáit a shainaithint ar bhonn bliantúil a dteastaíonn scrúdú níos doimhne ina leith de réir tairseach réamhshocraithe, bunaithe ar (i.) líon na dtáscairí ceannlíne sa Scórchlár Sóisialta arna gcatagóiriú mar 'chriticiúil' nó 'le faire' don tír sa bhliain ar leith; agus (ii.) líon na dtáscairí a léiríonn dhá mheath as a chéile ina gcatagóiriú sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

8. **D’fhéadfaí na Tuarascálacha maidir leis an gCóineasú Sóisialta a úsáid mar bhonn do ghníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha bliantúla EMCO agus SPC chun an Chomhairle a chur ar an eolas faoi dhúshláin i ndáil le cóineasú sóisialta aníos.** Dá ndéanfaí an Creat um Chóineasú Sóisialta a chomhtháthú leis na gníomhaíochtaí iltaobhacha faireachais, d’fhéadfaí comhthuiscint a chothú ar na dúshláin maidir leis an gcóineasú sóisialta aníos agus ar na gníomhaíochtaí beartais lena mbaineann, agus dearcadh tírshonrach níos doimhne ag baint leis. De réir na n-ionsamhlúchán a pléadh sa Mheitheal, aontaíonn roinnt toscairí go bhféadfadh comhtháthú mar sin an deis a chur ar fáil freisin chun cur chuige obair fhaireachais na gCoistí a chuíchóiriú agus a chobhsú, gan méaduithe suntasacha ar an ualach riaracháin[5].

9. **Ar bhonn na gconclúidí ó na gníomhaíochtaí iltaobhacha faireachais, thacódh formhór na dtoscairí le tabhairt isteach na gConclúidí nua ón gComhairle maidir le Cóineasú Sóisialta san Aontas a bheadh le glacadh ag Comhairle EPSCO gach bliain i mí an Mheithimh.** Sa Tuairim a cuireadh i láthair i mí an Mheithimh 2022 dúradh gur díol sásaimh do na Coistí ‘*an cuspóir atá beartaithe ionadaíocht chothrom ar na gnéithe fostaíochta, sóisialta, eacnamaíocha agus fioscacha den Seimeastar Eorpach a choinneáil trí ról EPSCO a mhéid a bhaineann lena rialachas a threisiú’.* Na toscaireachtaí atá i bhfabhar na gConclúidí nua ón gComhairle, chuir siad in iúl go láidir, trí na torthaí faoin gCreat um Chóineasú Sóisialta a aithint, go bhféadfadh na Conclúidí sin infheictheacht pholaitiúil na gné sóisialta den Seimeastar Eorpach a mhéadú agus cuidiú le feabhas a chur ar thorthaí fostaíochta agus sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl fós go raibh imní orthu faoi líon na ndoiciméad atá le hullmhú don Chomhairle i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus mhol siad cur chuige cuíchóirithe, lena leagtar béim ar an ngá atá le cuspóir soiléir a bheith ag gach doiciméad.

---

[5] Idir 2020 agus 2023, chuir EMCO agus SPC a gcur chuige in oiriúint don fhaireachas iltaobhach gach bliain chun athruithe struchtúracha sa Seimeastar Eorpach a chur san áireamh. Dá ndéanfaí an Creat um Chóineasú Sóisialta a chomhtháthú leis na gníomhaíochtaí iltaobhacha faireachais, d’fhéadfaí plé a dhéanamh ar na Ballstáit a ndearnadh anailís orthu sa Tuarascáil maidir leis an gCóineasú Sóisialta in aon chruinniú amháin i ndáil leis na dúshláin go léir. I gcomparáid leis na cuir chuige a glacadh le blianta beaga anuas, d’fhéadfadh sé sin líon na n-athbhreithnithe tír-shonracha a laghdú.

10. **Níor cheart tograí le haghaidh Moltaí Tírshonracha a bheith mar thoradh, go huathoibríoch ná go díreach, ar shainaithint na ndúshlán laistigh den Chreat um Chóineasú Sóisialta.** A mhéid a thagraíonn téacsanna dlíthiúla na Moltaí Tírshonracha do chóineasú sóisialta aníos san Aontas, ba cheart tagairtí iomchuí a áireamh iontu don chreat nua lena soláthraítear an buntaca anailíseach.

I bhfianaise na gconclúidí thuasluaite agus tar éis scrúdú a dhéanamh ar an Tuarascáil san Iarscríbhinn, an 12 Bealtaine 2023, críochnaigh na Coistí a measúnú maidir le conas gné shóisialta an tSeimeastair Eorpaigh a neartú trí Chreat féideartha um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach:

11. **Is díol sásaimh do EMCO agus SPC an insint dhearfach atá á cur chun cinn ag seirbhísí an Choimisiúin i ndáil le 'Creat um Chóineasú Sóisialta' (seachas 'Nós Imeachta um Mhíchothromaíocht Shóisialta') lena bhfuiltear ag féachaint le rioscaí agus dúshláin i dáil leis an gcóineasú sóisialta san Aontas a shainaithint agus a mheasúnú ar bhealach níos fearr.** Ar an iomlán, is iondúil go léirítear i seasaimh na mBallstát comhaontú ginearálta maidir le bunchoincheap an chóineasaithe shóisialta aníos, struchtúr an chreata laistigh den Seimeastar, chomh maith leis na gnéithe teicniúla a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le sainaithint na mBallstát a bhfuil gá le scrúdúcháin níos doimhne ina leith. Sa chomhthéacs sin, ba dhíol sásaimh d'fhormhór na mBallstát cur chuige anailíseach dhá chéim a bheadh á chur chun feidhme ag an gCoimisiún, le torthaí á bplé i ngníomhaíochtaí iltaobhacha faireachais na gCoistí chun an Chomhairle a chur ar an eolas faoi staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas agus iad á mbreithniú sna tograí le haghaidh Moltaí Tírshonracha.

12. **Rinneadh grinnscrúdú ar an mbreisluach a bhainfeadh le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach, agus bhí leibhéil éagsúla tacaíochta i measc na mBallstát.** Thug seirbhísí an Choimisiúin, chomh maith le formhór na mBallstát, dá n-aire na tairbhí a bhainfeadh le creat níos struchtúraithe chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta, agus go bhféadfaí gníomhaíochtaí iltaobhacha faireachais bliantúla Choistí EPSCO a ghéarú le go mbeadh béim níos mó á leagan ar na dúshláin don chóineasú sóisialta, agus machnamh a dhéanamh ar mhionchoigeartuithe teicniúla na hanailíse a dhéanfaí leis an Scórchlár Sóisialta agus an modheolaíocht arna cur i bhfeidhm air sin sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Leag formhór na mBallstát béim freisin ar na tairbhí i ndáil le hinfheictheacht pholaitiúil na ndúshlán fostaíochta agus sóisialta a mhéadú, chomh maith le tuiscint níos cuimsithí a bhaint amach ar staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas.

13. **Mar sin féin, tá éiginnteacht ann fós do roinnt Ballstát maidir le cibé an chuirfeadh Creat um Chóineasú Sóisialta feabhas fóinteach ar shainaithint na ndúshlán, i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an ualach riaracháin.** Sa chomhthéacs sin, leagadh béim, mar phríomhthosaíocht, ar a thábhachtaí atá sé iarrachtaí athnuaite a dhéanamh chun uirlisí faireacháin na gCoistí, atá á n-athbhreithniú faoi láthair, a nuachóiriú, go háirithe má thagtar ar chomhaontú maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a bhunú. Thug roinnt Ballstát dá n-aire freisin, cé go bhféadfadh sé gurbh fhearr obair iltaobhach faireachais na gCoistí EPSCO a bhuí dá comhtháthú leis an gcreat, d'fhéadfadh sé gur ghá feabhas a chur ar an leibhéal comhordaithe is gá ar an leibhéal náisiúnta chun plé cuimsitheach a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos agus go bhfuil sé le tástáil sa chleachtas.

14. **Dá ndéanfaí Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach, bheadh sé beartaithe go ndéanfaí sin i gcomhréir le cur chuige comhtháite an tSeimeastair Eorpaigh mar a leagtar amach é sna tograí ón gCoimisiún le haghaidh creat athchóirithe rialachais eacnamaíoch an Aontais.** Cé go gcuireann na tograí reachtacha a thíolaic an Coimisiún i mí Aibreáin 2023 bonn nua ar fáil d'fhaireachas amach anseo trí phleananna meántéarmacha buiséadacha náisiúnta a thabhairt isteach, ina gcomhcheanglaítear beartais fhioscacha, athchóirithe agus infheistíochta agus tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, ní bhaineann siad le hathruithe ar phríomhghnéithe thimthriall bliantúil an tSeimeastair Eorpaigh. Ní bheadh sé i gceist go gcuirfeadh Creat um Chóineasú Sóisialta isteach ar an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha agus níor ghá an nós imeachta ná na táscairí a úsáidtear sa phróiseas sin a athrú. An Creat nua um Chóineasú Sóisialta seo atá á bheartú, bheadh sé comhsheasmhach le cur chuige comhtháite maidir le faireachas beartais sa Seimeastar agus rannchuideodh sé le comhordú beartais níos láidre agus níos éifeachtaí. Bheadh sé ag teacht leis na cuspóirí a bhaineann le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus dhéanfaí cineál comhtháite an tSeimeastair Eorpaigh a áirithiú leis, mar a leagtar amach iad sna tograí ón gCoimisiún i ndáil le creat rialachais eacnamaíoch an 26 Aibreán 2023. Go háirithe, le hanailís níos doimhne an Choimisiúin ar dhúshláin thírshonracha i margadh an tsaothair, scileanna agus réimsí sóisialta agus le gníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha EPSCO agus a Choistí Comhairleacha á neartú faoin gCreat nua um Chóineasú Sóisialta, chabhrófaí freisin le buntaca anailíse níos láidre a chur faoi mhachnamh an Choimisiúin i ndáil le moltaí tírshonracha féideartha i gcás inarb iomchuí agus chuirfí bonn eolais faoi cheapadh beartais na mBallstát i gcomhthéacs Seimeastair a bheadh níos comhtháite.